

## Oifigeach Cumarsáide

Aonad: Acmhainn agus Cumarsáid Sláinte Poiblí

Tagairt: ECDC/FGIV/2019/PHC-CO

Tá iarratais á lorg ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire ar Conradh sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

### Sainchuntas poist

Tabharfaidh an postsealbhóir tacaíocht do ghníomhaíochtaí ginearálta cumarsáide ECDC; d'fhéadfadh obair in aon cheann de réimsí na cumarsáide inmheánaí, corparáidí, seachtraí agus riosca a bheith i gceist sna gníomhaíochtaí sin. Áirítear ar na tascanna a bheidh le cur i gcrích rannchuidiú le ceann amháin nó níos mó de na réimsí oibre seo a leanas:

- Straitéisí ECDC i dtaca le cumarsáid, geallsealbhóirí agus bainistíocht athraithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus éifeachtacht na straitéisí sin a thomhas;
- Inneachar a phleanáil, a chur in eagar agus a tháirgeadh i gcomhair cainéil éagsúla cumarsáide idir inmheánach agus sheachtrach (inlín, tairseach gréasáin, nuachtlitreacha, cruinnithe duine le duine agus cruinnithe fóirúla);
- Comhairle agus tacaíocht chumarsáide don Lárionad, lena n-áirítear i dtaobh aschuir eolaíocha, feachtais sláinte poiblí agus cumarsáid riosca a chur in iúl;
- Deimhin a dhéanamh de go dtacaítear go rathúil le tionscnaimh agus le tionscadail de chuid na heagraíochta agus go gcuirtear in iúl iad don fhoireann agus do na príomhpháirtithe leasmhara seachtracha;
- Comhtháthú an inneachair cumarsáide, na hoiliúna agus na ngníomhaíochtaí a bhaineann le hathrú chun deimhin a dhéanamh de go ndírítear go grinn ar athrú eagrúcháin agus iompraíochta;
- Measúnuithe chun an breisluach a bhraitear a bhaineann leis an eagraíocht agus a haschuir a fháil amach;
- Obair réamhghníomhach ar son ECDC leis na meáin chumarsáide, lena n-áirítear faireachán agus anailís ar na meáin thraidisiúnta agus ar na meáin shóisialta;
- Teagmháil a dhéanamh le sainchomhairleoirí cumarsáide agus le conraitheoirí eile, agus cabhrú le soláthar;
- Bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí sonracha cumarsáide;
- Aon chúraimí eile a bhaineann lena réimse oibre, de réir mar a iarrtar air/uirthi.

# Na cáilíochtaí agus an taithí atá ag teastáil

## A. Riachtanais fhoirmiúla

Chun bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais atá i gceist:

- Staidéar ollscoile críochnaithe de thrí bliana ar a laghad arna fhianú le dioplóma agus taithí ghairmiúil chuí de bhliain amháin ar a laghad<sup>1</sup>;
- Eolas cuimsitheach ar cheann amháin de theangacha na gComhphobal agus eolas sásúil ar theanga eile de chuid na gComhphobal, a mhéid is gá chun na dualgais a bheidh air/uirthi a chomhlíonadh<sup>2</sup>;
- A bheith ina náisiúnach de cheann de Ballstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach<sup>3</sup>;
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

## B. Critéir roghnúcháin

Tá **critéir riachtanacha** maidir le taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil agus tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta againn don phost seo.

### Taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil:

- Trí bliana de thaithí ghairmiúil ar a laghad, tar éis an dioplóma a bhaint amach, a fuarthas i bpoist atá ábhartha don chur síos ar an bpost;
- Taithí láidir ar chumarsáid sheachtrach agus/nó inmheánach in eagraíocht mhór;
- Inniúlacht agus tuiscint láidir ar na gnéithe cumarsáide den rannpháirteachas le páirtithe leasmhara (spriocghrúpaí inmheánacha agus seachtracha);
- Taithí ar straitéisí cumarsáide a chur chun feidhme;
- Taithí oibre a gnóthaíodh i dtimpeallacht idirnáisiúnta/ilchultúrtha;
- Ardchaighdeán Béarla, idir scríofa agus labhartha.

<sup>1</sup> Ní chuirtear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

<sup>2</sup> Ina theannta sin, chun bheith incháilithe d'ardú céime trí nós imeachta bliantúil um ardú céime, ní mór do bhaill foirne eolas oibre a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus na Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

<sup>3</sup> Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil, rud ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil ar bith aige/aici.

## Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Cumas faisnéis choimpléascach eagraíochtúil agus eolaíochta a shintéisiú agus a thiontú ina teanga atá intuigthe ag baill foirne ECDC agus ag páirtithe leasmhara seachtracha;
- Scileanna cumarsáide béil agus scríofa den scoth agus an cumas rannpháirteachas a chothú agus daoine a spreagadh;
- Dea-scileanna bainistíochta tionscadail;
- Cumas den scoth ag obair mar chuid d'fhoireann.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh an coiste roghnúcháin riachtanais níos doichte a chur i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

## Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist de réir gearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. D'fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi mar ghníomhaire ar conradh, de bhun airteagal 3a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile na gComhphobal Eorpach ar feadh tréimhse cúig bliana. D'fhéadfaí an conradh a athnuachan. Déanfar an ceapachán san

### **Fheidhmghrúpa IV.**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go gceanglaítear le rialacháin foirne an AE go gcuirfidh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

[http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff\\_Regulations\\_2014.pdf](http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff_Regulations_2014.pdf)

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

## Liosta ionadaithe

D'fhéadfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

## Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh

**Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig**

**[Recruitment@ecdc.europa.eu](mailto:Recruitment@ecdc.europa.eu), agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.**

**Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i**

**bhformáid Word nó PDF. B'fhearr í a bheith comhlánaithe i mBéarla<sup>4</sup>. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.**

**Is féidir foirm iarratais ECDC a fháil ar ár láithreán gréasáin anseo:**

**<https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process>**

Tá an spriocdháta le hiarratais a chur isteach, tuilleadh faisnéise faoi staid an nós imeachta roghnúcháin seo, mar aon le faisnéis thábhachtach faoin bpróiseas earcaíochta, ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin ach an nasc thuas a úsáid.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní rachfar i dteagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

---

<sup>4</sup> Rinneadh an fógra folúntais seo a aistriú go gach ceann de 24 theanga oifigiúla AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.